Rúnaí / Fáilteoir

Is mian le TG4 Rúnaí / Fáilteoir a earcú a bheidh lonnaithe sa gCeannáras i mBaile na hAbhann.

Fostóir comhionannais deiseanna é TG4 agus déantar iarratais incháilithe a mheas gan beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh ná ballraíocht den Lucht Siúil. Tá TG4 dearfach faoin Éagsúlacht. Fáiltíonn muid roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cúlraí éagsúla acu.

An Ról

Éireoidh leat sa ról seo más duine tú atá ábalta oibriú go muiníneach as do stuaim féin agus go héifeachtach i dtimpeallacht spreagúil. Beifear ag súil go mbeidh tú dírithe ar an obair, go mbeidh ardscileanna cumarsáide agat, teacht i láthair taitneamhach, ábalta oibriú mar chuid d'fhoireann agus taithí chruthaithe agat i ról den chineál céanna.

Ag freagairt don Bhainisteoir Oifige, beidh an Rúnaí / Fáilteoir freagrach as :

- Dualgais ghinearálta riaracháin & tacaíocht a chur ar fáil ar fud rannóga
- Dualgais an fháilteora a chomhlíonadh
- Fáilte a chur roimh chuairteoirí, custaiméirí agus aíonna

Nithe atá riachtanach don phost seo:

A bheith tiomanta Fís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.

Eolas maith ar ríomhairí (sárthuiscint ar Excel, MS Office, ar na hArdáin Meán Sóisialta) agus an cumas córais nua a fhoghlaim go tapa

A bheith ábalta feidhmiú go muiníneach as do stuaim féin, go héifeachtach, i dtimpeallacht spreagúil.

Fócas dearfach, cumas maith foirne agus taithí ar obair riaracháin agus ar obair fáiltithe.

A bheith ábalta spriocanna oibre a chomhlíonadh.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.

Is ón 9:00-17:00, ó Luan go hAoine na huaireanta oibre.

Conradh 2 bliana atá i gceist leis an bpost seo.

Is 4pm Dé Céadaoin an 15 Nollaig an spriocdháta d'iarratais. Seol d'iarratas mar aon le litir iarratais chuig cv@tg4.ie.